

TUARASCÁIL AR FHEIDHMÍOCHT 2018

Neamhspleách
Neamhchlaonta
Cuiditheach
Tiomanta do Shármhaitheas



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

CLÁR NA nÁBHAR

Réamhrá	3
Eolas phríomhtháscairí feidhmíochta do 2018	5
Faisnéis bhreise agus príomhthreochtaí - ó 2013 go 2018	11

Réamhrá

Sa tuarascáil seo, cuirtear faisnéis feidhmíochta ar fáil i ndáil le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain 2018 faoi shé théama éagsúla trí mheascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla a úsáid chun ár bhfeidhmíocht a thomhas agus a thuairisciú. Is iad na téamaí sin ná

- an méid a bhainimid amach
- an tionchar atá againn
- an fheidhmíocht airgeadais
- an fhoireann agus acmhainní
- ag cur leis an inniúlacht
- an méid a dhéanaimid ar bhonn idirnáisiúnta.

Leagtar amach sa tuarascáil faisnéis bhreise agus treochtaí le déanaí chun críocha comparáideacha, chomh maith.

Tá ráiteas straitéise curtha le chéile don tréimhse 2016 go 2020 agus ionchur faighte ó pháirtithe leasmhara chuige sin. Tá an ráiteas straitéise agus tuairimí páirtithe leasmhara foilsithe ar ár láithreán gréasáin (www.audit.gov.ie).

An Méid a Bhainimid Amach

In 2018, rinne an tArd-Reachtair
Cuntas agus Ciste...



292 iniúchadh ar ráitis airgeadais a chríochnú (sprioc 275)



97% de chuntais 2017 a dheimhniú laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana airgeadais, nuair a thomhaistear iad de réir luacha agus **60%** nuair a thomhaistear iad de réir an lín (is iad na spriocanna a bhí ann ná 95% agus 70% faoi seach)



29 scrúdú a chríochnú (sprioc: 25) i ndáil le gnéithe de sheachadadh seirbhíse poiblí agus leis an úsáid a bhaintear as acmhainní poiblí



freastal ar **35** cruinniú de chuid an Choiste um Chuntais Phoiblí as na 36 cruinniú poiblí a tionóladh san iomlán



freagra a thabhairt do **100%** (sprioc 100%) de na hiarrataí ón Aire Airgeadais ar sochar as cistí a eisíodh ó Lárchiste an Státchiste roimh thús na tréimhse chreidmheasa



breithniú ar **12** ábhar a tuairiscíodh don Oifig faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 nó ar bhonn gan ainm.

An TIONCHAR atá againn

Déanaimid measúnú ar an tionchar a bhíonn ag an obair a dhéanamimid tríd an idirghníomhaíocht a dhéanaimid le comhlachtaí iniúchta in 2018, bliain ina ndearnamar ...

agus mar gheall ar an ardchaighdeán den obair a déanaimid...



tuairim iniúchta shoiléir a eisiúint i ndáil le **95%** de na ráitis airgeadais a ndearna an Coiste um Chuntais Phoiblí suntas dóibh le linn na bliana



47 moladh tar éis scrúduithe a bheith déanta, rinne a bhí dírithe ar an dea-chleachtas agus a raibh sé mar aidhm acu go gcinnteofar an fheidhmíocht fheabhsaithe, agus ghlac an comhlacht iniúchta **98%** díobh siúd ina n-iomláine nó go páirteach



aird a tharraingt ar **21** ábhar thábhachtacha maidir le conas tuiscint a bhaint amach as cuntais comhlachtaí poiblí agus, in **76** cás, maidir le nithe eile a measadh iad a bheith tábhachtach d'úsáideoirí na gcuntas.



ionchur a chur le **2** thionscnamh um an dea-chleachtas sna réimsí den rialachas corparáideach agus an bhainistíocht airgeadais



ard a tharraingt ar bheagnach **1,300** ceist a raibh aird ag teastáil a bheith tarraingthe orthu maidir le bainistíocht comhlachtaí iniúchta i gcomhfhreagras iar-iniúchta



sna hiniúchtaí agus sna scrúduithe airgeadais go léir a dhéantar i gcomhréir le caighdeán iniúchóireachta idirnáisiúnta.

Ár bhfeidhmíocht AIRGEADAIS

In 2018, rinne an Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste...



clár iniúchta agus scrúduithe a chur ar fáil ar chostas iomlán de **€12.6 milliún**



€6.3 milliún i dtáillí iniúcháireachta a bhailiú, ar aon dul le cur chuige aisghabhála costas páirteach



165 ball foirne, ar an meán, a fhostú, ar chostas tuarastail de **€9.7 milliún.**

An fhoireann agus acmhainní

In 2018...



Bhí **70%** de na baill foirne ar sannadh iad chun obair le hiniúchtaí airgeadais ina gcuntasóirí incháilithe agus bhí an chuid eile díobh incháilithe go páirteach

(is cuntasóirí cáilithe iad bainisteoirí a shanntar d'iniúchtaí airgeadais)



bhí méadú de **35%** ar an líon bhfoireann a sannadh do scrúduithe



60%:40% baineann:fireann an cóimheas inscne a bhí ann ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí



meánráta neamhláithreachta tinnis de **2%** a bhí ann

Ag cur leis an inniúlacht

Trí thacaíocht a thabhairt don fhoireann trí oideachas agus forbairt leanúnach cinntítear go bhfuil an cumas againn chun an clár oibre a dhéanamh. In 2018...



tugadh os cionn **23,000** uair an chloig do chúrsaí oiliúna, do staidéir ghairmiúla agus d'oiliúint iarchéime a bhí cothrom le **9%** den am a bhí ar fáil



caitheadh os cionn **€185,000** ag tacú le staidéir iarchéime agus gairmiúla, le hoiliúint forbartha leanúnaí agus le táillí ballraíochta gairmiúla



bhí **49** ball foirne ag déanamh staidéar cuntasáíochta gairmiúla nó iarchéime



chríochnaigh **6** bhall foirne a gcuid scrúduithe deiridh agus cháiligh siad mar chuntasóirí gairmiúla.

Ár dtionchar IDIRNÁISIÚNTA

Mar an t-iniúcháir eanála poiblí náisiúnta d'Éirinn, chuireamar le hoibleagáidí idirnáisiúnta trí...



bhallraíocht a glacadh ar bhoird maoirseachta de **2** chomhlacht eorpacha - bord iniúcháireachta an ar an tSásra Cobhsaíochta Eorpach agus bord iniúcháireachta Eurocontrol (eagraíocht Eorpach um shábháilteacht aerloingseoireachta)



rannpháirtíocht ghníomhaíocht i bhfóiraim idirnáisiúnta roghnaithe d'iniúchadh poiblí san Eoraip agus ar fud an domhain.

Faisnéis Bhreise agus treochtaí príomhúla — 2013 - 2018

Tá faisnéis faoin soláthar, bearta tionchair agus an fheidhmíocht airgeadais ar fáil sna rannáin seo a leanas.

Soláthar cláir

Líon na gcuntas faoi réir iniúchta

Tá na cuntais atá le hiniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste leagtha síos de réir an dlí. I líon beag cásanna, déantar iniúchtaí le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Sa tábla, tá líon na gcuntas do thréimhsí cuntais roimhe seo mar aon le cuntais iniúchta 2018 léirithe - tá na hiniúchtaí le bheith críochnaithe sa bhliain dár gcionn.

	Tréimhse an chuntais dar críoch in					
	2013	2014	2015	2016	2017	2018
Cuntais Vóta	39	40	39	40	41	41
Cistí Roinne	29	30	29	26	27	27
Aonáin Airgeadais	27	25	26	26	27	26
Aonáin sláinte	27	28	29	28	28	28
Comhlachtaí Thuaidh Theas	7	7	7	7	7	7
An Eanáil Oideachais ^a	66	47	47	48	48	48
Comhlachtaí Leathstáit ^b	121	122	114	112	111	109
Boird Fiontraíochta Chontae ^c	—	35	—	—	—	—
	316	334	291	287	289	286

Nóta a Rinneadh na Coistí Gairmoideachais (mar a bhí suas go Meitheamh 2013) a cónascadh mar Bhoird Oideachais agus Oiliúna

b Fochuideachtaí de chuid comhlachtaí Stáit san áireamh.

c Chlúdaítear tréimhse 16 mhí dar críoch Aibreán 2014 i gcuntais deiridh na mbord


Iniúchtaí curtha i gcrích

Tá an t-iniúchadh ar ráitis airgeadais comhlachtaí poiblí agus cur i láthair na ráiteas airgeadais sin don Oireachtas mar bhonn chun a chinntiú go bhfuil cuntasacht éifeachtach ann maidir le húsáid cistí poiblí.

Sa ghraf tá líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích gach bliain leagtha amach.

I gcás cuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais, foilsíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais de réir Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. I gcás na gcomhlachtaí poiblí eile atá fágtha, is faoin roinn rialtais ábhartha nó faoin gcomhlacht ábhartha an fhreagracht as na cuntais iniúchta a leagan os comhair an Oireachtais nó as na cuntais a fhoilsíú.

Iniúchadh tugtha chun críche sa bhliain



Tapúlacht deimhniúcháin iniúchta

Cuntais dheimhnithe


Déantar príomhtháscairí feidhmíochta na hOifige maidir le tráthúlacht iniúcháireachta a thomhas trí thagairt a dhéanamh do luach an láimhdeachais, agus do líon na gcuntas.

Is é an príomhdhátá tagartha don Oifig ná deireadh mhí Mheán Fómhair mar gheall ar an gceanglas reachtúil go gcríochnófar iniúchtaí ar chuntais rialtais láir faoin dáta sin. Le blianta beaga anuas, thángthas ar sprioc de 95% de réir luacha agus 70% de réir uimhreach.

D'fhoneo tráthúlacht iniúcháireachta a chur chun cinn tríd is tríd, tá tosaíocht tugtha do chuntais shuntasacha a dheimhniú níos luaithe. Léirítear é seo sa mhéadú ar thráthúlacht deimhniúcháin cuntas (de réir luacha) 6 mhí tar éis deireadh na bliana.

Cuntais neamhdheimhnithe

Taispeántar sa ghraf líon na n-iniúchtaí atá fós le comhlánú ag deireadh gach bliana (riaráistí). Tá sé seo tar éis titim go suntasach ó 2014 i leith. Foilsíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil ina leagtar amach na comhlachtaí sin inar tharla moill ar thuairisciú, chomh maith leis na cúiseanna leis na moilleanna sin. Tá an tuarascáil is déanaí ar fáil ar ár láithreán gréasáin (www.audit.gov.ie)



Scrúduithe


Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste scrúduithe agus ansin tugann sé tuairisc do Dháil Éireann ar aon dul leis an dlí maidir le hábhair a bhaineann le bainistiú agus le húsáid acmhainní poiblí. Tá tuarascálacha an ARC & C mar bhonn le cuid mhaith den obair a dhéanann an Coiste um Chuntais Phoiblí.

Is é an C&AG a shocraíonn topaicí scrúdaithe bunaithe ar roinnt critéar, lena n-áirítear tábhacht an ábhair, an tionchar nó an tionchar féideartha a bhaineann leis maidir le fheabhsuithe sa riarachán poiblí agus an gá atá le cuntasacht phoiblí.

Is é an sprioc atá ann ná go bhfoilseofar 25 tuairisc gach bliain. Cuimsítear leis na tuarascálacha ar chuntais na seirbhísí poiblí tuarascálacha a fhoilsítear go bliantúil agus tuarascálacha speisialta neamhspleácha a fhoilsítear aon uair amháin.

Ag teacht leis na spriocanna atá leagtha amach sa ráiteas straitéise reatha 2016-2020, tá méadú tagtha ar líon na dtuarascálacha speisialta agus trasranna a cuireadh i gcrích i rith na bliana. Is é an sprioc dheiridh ná 10 dtuairisc speisialta a fhoilsiú gach bliain faoi 2020; beifear ag brath ar chumas scrúdaithe leordhóthanach a bheith aige chun an sprioc seo a bheith bainte amach.

Líon na tuairiscithe eisithe




Cáilíocht a chinntiú

Tá cáilíocht ár gcuid oibre bunaithe ar dhá phríomhphrionsabal

- an ardchaighdeán a dhaingniú laistigh dár gcultúr agus dár gcleachtais ó lá go lá, agus
- monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus gníomhú ar na rudaí atá le foghlaim againn.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas ag an gcóras cáilíochta d'obair iniúchta



Tá beartais agus próisis curtha i bhfeidhm againn maidir le is an earcaíocht, leis an oiliúint, an oideachas agus leis an fhorbairt ghairmiúil leanúnach, le cóid iompair, agus le hathbhreithnithe oibriúcháin ar obair iniúchta airgeadais agus ar thuarascálacha sula bhfoilseofar iad.

Tá bearta sa chóras rialaithe cáilíochta d'iniúchadh airgeadais chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht lena n-áirítear athbhreithnithe ar

- scrúduithe roghnaithe le linn an iniúchta ag bainisteoir sinsearach atá neamhspleách ar an bhfoireann
- na hiniúchtaí uile a dhéanann gnólachtaí tráchtála ag bainisteoir sinsearach roimh an deimhniúchán
- sampla d'iniúchtaí tar éis deimhniúcháin ag athbhreithneoir seachtrach uair gach dhá bliain.

Mar chuid den chóras rialaithe cáilíochta do scrúduithe atá againn, tá bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht lena n-áirítear:

- athbhreithnithe ar scrúduithe roghnaithe le linn an scrúdaithe ag bainisteoir sinsearach atá neamhspleách ar an bhfoireann roimh an deimhniúchán
- athbhreithnithe iar-thionscadail agus ceardlanna bliantúla don fhoireann (inar féidir leis an fhoireann a n-imní a chur in iúl)
- athbhreithniú tréimhsiúil a bheith déanta ar shampla de thuarascálacha le hathbhreithneoir seachtrach.

Déantar torthaí na n-athbhreithnithe seo a mheasúnú agus a ionchorprú i riachtanais oiliúna na hOifige.

An tionchar a bhíonn ag an obair a dhéanaimid a mheasúnú

Torthaí na n-iniúchtaí Airgeadais

Bíonn an iniúchadh a dhéanann an ARCC dírithe ar dhá rud go príomhúil.

- *cruinneas agus iomláine* na ráiteas airgeadais,
- *rialtacht agus cuibheas* na n-idirbheart a taifeadadh sna ráitis airgeadais, agus leordhóthanacht rialachais na gcomhlachtaí poiblí, a tuairiscíodh ar bhonn ‘eisceachta’.

Tuairim cháilithe iniúchta

Fuair 11 sraith de ráitis airgeadais (4.6% de líon iomlán na gcuntas) a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais in 2018 tuairim cháilithe. Ba iad na cúiseanna - saincheistean - a bhaineann le cuntasáocht do phinsin (8) taifid chuntasaíochta neamhleor (2) a choinneáil agus neamh-aithint sócmhainní oidhreacht (1).


Béim ar ábhar

Féadfaidh deimhniú iniúchta, nuair is cuí, aird a tharraingt ar ábhar atá tábhachtach do léitheoirí maidir leis na ráitis airgeadais a thuiscint. Fuair 19 sraith de ráitis airgeadais a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais in 2018 tuarascáil iniúcháir agus 21 alt iontu ina soiléiríodh na ceisteanna ábhartha. Chlúdaigh na hábhair go príomha an modh cuntasáíochta do phinsin (19) agus an bonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh (2).

Ábhair shuntasacha eile

Tuairiscíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste trí eisceacht má shainaithníonn sé idirbhearta neamhrialta ábhartha (e.g. airgead poiblí nach gcaitear é chun na gcríoch atá beartaithe leis) nó i gcás nach léiríonn an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach comhlíonadh an chomhlachta iniúchta leis na socruithe rialachais atá leagtha amach sa chód cleachtais rialachais atá aige. Áirítear leis seo cásanna ina bhfuil tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta. Bhí 76 cás dá leithéid sna tuarascálacha iniúchta ar chuntais a thug an Coiste um Chuntais Phoiblí faoi deara in 2018. Sa chairt, tá na ceisteanna atá i gceist rangaithe.

Nithe suntasacha eile a luadh i dtuarascálacha



Nóta

An neamhchomhlíonadh soláthair - is é is ábhartha ná soláthar de €500,000 nó níos mó i dtreimhse cuntais amháin, beag beann ar scála soláthair an chomhlachta lena mbaineann.

Áirítear le caiteachas neamhéifeachtach caillteanais ábhartha, cuspóir gnó soiléir an chaiteachais, nó íocaíochtaí nach bhfuarthas aon luach ina leith (amhail léasanna dochracha maoin; nó caillteanais mar gheall ar chalaíochais) (€100,000 nó níos mó de ghnáth).


Nithe a pléadh leis an mbainistíocht

Chomh maith leis na tuarascálacha foilsithe, cuireann an t-iniúchadh le luach trí chomhfhreagras iar-iniúchta a eisiúint a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le comhlachtaí a rialú agus a mbainistíocht inmheánach a fheabhsú trí thorthaí, moltaí agus deiseanna feabhsúcháin a mholadh dóibh.

Taispeántar sa chairt na cineálacha de shaincheisteanna a ardaíodh le comhlachtaí maidir leis an mbliain airgeadais 2017 (cuntais deimhnithe in 2018).

Go ginearálta, bíonn locht sna nósanna imeachta dá dtagraítear sa chomhfhreagras maidir le nósanna imeachta a d'fhéadfadh, mura dtugtar aghaidh orthu, a fhágáil go mbeadh cailteanais ann do na comhlachtaí, nó tuairisciú míchruinn airgeadais, neamhchomhlíonadh nósanna imeachta cuí nó noirm rialachais don tseirbhís phoiblí.

Líon na ceisteanna a pléadh le lucht bainistíochta - cuntais deimhnithe in 2018



Tionchar na moltaí de bhun scrúduithe

Tá moltaí sonracha sna tuairiscí maidir le dea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe mar aon le freagraí an chomhlachta iniúchta.

Go ginearálta, ghlac comhlachtaí iniúchta leis na moltaí a rinneadh.

Tá leagtha amach sa tábla líon na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha mar aon leis an gcion a ghlac comhlachtaí.

An Dea-Chleachtas

Leagann ár ráiteas straitéise amach ár dtiomantais maidir le tionscnaimh dea-chleachtais a threorú nó a chur chun cinn. Bhí dhá thionscnamh shuntasacha ann in 2018

An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit

Leanamar orainn ag soláthar teorach maidir leis an gCód leasuithe um rialachas comhlachtaí Stáit. Bhain an cur i láthair a rinneadh i rith na bliana go sonrach le forbairtí sa rialachas corparáideach agus conas éifeachtúlacht a ról rialachais chorparáidigh a fheabhsú.

Samhail Aibíochta um Bainistíocht Airgeadais

D'fhoilsíomar tuarascáil ina bhfuil leagtha amach samhail gur féidir é a úsáid chun deiseanna feabhsúcháin i gcleachtais bhainistíochta airgeadais in eagraíochtaí san earnáil phoiblí a mheas agus a aithint. Is é an bhainistíocht airgeadais an córas trína ndéantar acmhainní eagraíochta a phleanáil, a stiúradh, a mhonatóiriú agus a rialú chun an eagraíocht sin a chur ar a cumas na spriocanna atá aici a bhaint amach. Tá an dea-bhainistíocht airgeadais bunriachtanach don eagraíocht chun a bheith in ann feidhmiú go héifeachtach

Déanann an tsamhail cur síos ar chleachtais sa bhainistíocht, agus ar feasacht air, baineann sé leis na torthaí a d'fhéadfadh eagraíochtaí a bheith ag súil leo agus cuireann sé bonn ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais.

	2013	2014	2015	2016	2017	2018
Líon na moltaí foilsithe	48	68	63	46	42	47
Glactha ag comhlachtaí iniúchta	90%	88%	92%	83%	93%	94%
Glactha go páirteach ag comhlachtaí iniúchta	10%	3%	5%	13%	7%	4%

An fheidhmíocht airgeadais

Tugann an tábla achoimre ar phríomhshonraí airgeadais agus sonraí foirne do na 6 bliana is deireanaí.

Maoinítear an Oifig ar an mbealach céanna le ranna rialtais tríd an bpróiseas meastachán bliantúil trína gceadaíonn Dáil Éireann meastacháin ar fháltais agus ar chaiteachas gach bliain agus a thugann éifeacht reachtúil do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach aon roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, ina dtuairiscítear an toradh don bhliain i gcomparáid leis an méid a chuir Dáil Éireann ar fáil.

Déanann gnólacht cuntasóirí neamhspleách arna cheapadh ag an ARC & C iniúchadh ar chuntas leithreasa na hOifige.

Is ionann costais phárolla agus 80% de chostas bliantúil na hOifige. Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shocraíonn na rátaí pá. Gearrtar táillí iniúchta i ndáil le hiniúchtaí airgeadais áirithe nuair a dheimhnítear an cuntas.

Déantar seachfhoinsiú ar iniúchtaí airgeadais roghnaithe. Cuimsítear le costais eile oiliúint agus forbairt, táillí ballraíochta gairmiúla, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, lóistín, costais dlí agus obair chomhairliúcháin ina mbíonn saineolaithe fostaithe chun tacú le hobair scrúdaithe.

	2013	2014	2015	2016	2017	2018
<i>Costais Airgeadais</i>	€000	€000	€000	€000	€000	€000
<i>Costais Oibríochtúla Iomlán^a</i>	10,533	10,513	11,606	11,165	11,529	12,632
<i>arna (iad)</i>						
<i>Costais foirne^{a b}</i>	8,634	8,650	9,334	8,974	9,504	9,705
<i>Costais taistil</i>	439	415	452	517	549	626
<i>Iniúchtaí conraithe</i>	397	407	416	497	372	960
<i>Costais eile</i>	1,063	1,041	1,404	1,177	1,104	1,341
<i>Athshlánú Costas Páirteach</i>						
<i>Táillí iniúchta bailithe^c</i>	4,772	5,269	5,589	6,112	5,592	6,301
Glanchostas don Stát-chiste	5,761	5,244	6,017	5,053	5,937	6,331

Foinse: Sleachta as cuntais leithreasa iniúchta de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste - ar fáil ag www.audit.gov.ie

Nóta a Taispeántar costais foirne glan ó fháltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar thuarastail a choinnítear mar leithreasai-i-gcabhair.

b Áirítear sna costais foirne do 2015 27 dtréimhse pá don chuid is mó den fhoireann (53 thréimhse pá do bhaill foirne íoctha in aghaidh na seachtaine). I mblianta eile, bhí 26 thréimhse phá (52 do bhaill foirne íoctha in aghaidh na seachtaine).

c Ní ghearrtar aon táillí i leith iniúchadh na gcuntas leithreasa ná na scrúduithe a dhéantar.

Foireann

Leibhéil Sholáthair Foirne

Sa tábla, léirítear meánlíon na foirne a fhostaítear gach bliain bunaithe ar an gcoibhéis lánaimseartha (WTE). De ghnáth bíonn an difríocht idir an líon údaraithe agus an meánlíon iarbhir fostaíochta gach bliain mar gheall ar an aga moille idir dáta imeachta na foirne agus críochnú na bpróiseas earcaíochta. Reáchtálann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí feachtas earcaíochta bliantúil do chéimithe ar son na hOifige.

Is éard a léirítear le hathrúchán foirne ná gach uile bhall a fhágann an comhlacht in aghaidh na bliana mar chéatadán den mheánlíon atá fostaithe.

Seirbhísí Conraithe


Cuireann an Oifig foinsiú allamuigh ar iniúchtaí airgeadais roghnaithe mar bhealach chun freastal ar chuid den bhuaicphointe in éileamh iniúchta agus chun deimhniú tráthúil na ráiteas airgeadais a éascú. Tá comhaontú le ceardchumainn na foirne chun obair iniúchta a sheachfhoinsiú ar feadh 8 gcoibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana ar an meán sa tréimhse 2018 go 2020. Roghnaítear gnólachtaí ar bhonn iomaíoch chun tabhairt faoin obair seo.

Cuirtear cuntasóirí cáilithe ar conradh ar bhonn gníomhaireachta ar feadh tréimhsí gearra chun bearnaí sealadacha a líonadh a thagann chun cinn nuair a imíonn an fhoireann bhuan.

	2013	2014	2015	2016	2017	2018
<i>Líon na Foirne</i>	WTE	WTE	WTE	WTE	WTE	WTE
Meánlíon fostaithe	146	143	145	145	147	165
Uaslíon údaraithe foirne	150	150	164	164	164	174
Mar % den líon foirne	97%	95%	88%	88%	90%	95%
ráta iomlaoide foirne	4%	12%	14%	15%	14%	10%

Líon na foirne mar choibhéis de réir na hacmhainní eile a bhaineadh tairbhe astu

Foireann ar conradh	6	4	7	8	9	1
Iniúchtaí conraithe	7	7	7	6	5	9



An Éagsúlacht:


Déantar ár n-earcaíocht agus ardú céime de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus an Cód Cleachtais arna eisiúint ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is faoi chreat de pholasaithe agus nósanna imeachta na státseirbhíse a fheidhmímid

Rinneamar ár Ráiteas um Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú a fhorbairt agus a fhoilsiú le déanaí, agus tá sé ar fáil ag www.audit.gov.ie

Taispeántar sa ghráf briseadh síos de réir inscne i dtaca le gach aon cheann de na ghrádaí atá le fáil san Oifig. Tá ionadaíocht ag breis is 10 náisiúntacht san fhórsa oibre atá againn.

Íoctar luach saothair le gach aon bhall foirne ar bhonn scálaí tuarastail incriminteach i ndáil leis na grádaí éagsúla. Is de bhun próiseas iomaíoch a dhéantar gach aon ardú céime.

Miondealú inscne de réir gráid



Ag cur leis an inniúlacht

Foghlaim agus forbairt


Is cuntasóirí cáilithe iad gach aon bhainisteoir ar iniúchtaí airgeadais - is éard atá i bhfoirne iniúcháireachta ná meascán de chuntasóirí cáilithe agus cuntasóirí atá faoi oiliúint.

Tá ár bpolasaithe agus ár nósanna imeachta pearsanra deartha chun a chinntiú go bhfuil go leor foirne againn leis na cumais, an inniúlacht agus an tiomantas do na prionsabail eiticiúla atá riachtanach chun scrúduithe a dhéanamh agus chun iniúchtaí a dhéanamh de réir na gcaighdeán gairmiúil.

Cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na baill foirne atá ag déanamh iarracht cáilíochtaí iarchéime a bhaint amach agus do bhaill foirne atá ag déanamh iarracht cáilíochtaí cuntasáíochta gairmiúla a bhaint amach.

Chomh maith leis sin, glacann ár bhfoireann páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla oideachais, oiliúna agus forbartha a bhfuil a sonraí leagtha amach sa ghraf.

Líon ama curtha ar leataobh don fhoghlaim agus don fhorbairt




Freagrachtaí Corparáideacha

Íocaíochtaí pras

Rialaítear an íocaíocht sonraisc in am le reachtaíocht lena bhforálaítear go n-íocfar ús ar shonraisc bhailí nach bhfuil glanta tar éis 30 lá ón dáta fála. Ina theannta sin, éilíonn beartas an Rialtais go n-íocfaidh comhlachtaí poiblí soláthróirí laistigh de 15 lá ón sonrasc a fháil. Glacaimid le sonrasc a bheith faighte nuair atá sé críochnaithe agus bainteach le hearraí agus seirbhísí a fhoréileáilíodh go sonrach atá faighte.

Léiríonn an graf ár bhfeidhmíocht in 2018 maidir le tráthúlacht íocaíochtaí le soláthróirí. Íocadh íocaíochtaí le soláthróirí a raibh comhluach €17,516 acu lasmuigh den teorainn 30 lá, ag gearradh úis ar íocaíochtaí de €227 agus íocaíochtaí cúitimh de €690.

Feidhmíocht um íocaíochtaí pras



Nóta Riomhtar ús ar íocaíocht dhéanach i leith na tréimhse dar tosach an dáta tar éis an dáta dlite agus dar críoch an dáta a ndéantar an íocaíocht. Ní féidir leis an soláthróir ús le hóc a tharscaoileadh agus ní mór é a chur san áireamh leis an méid atá iníoctha le haghaidh an


Ídiú Fuinnimh

Tá sprioc ag an Rialtas chun éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú faoi 33% faoin mbliain 2020. Tomhaistear ár bhfeidhmíocht maidir leis an sprioc seo a bhaint amach i gcomparáid leis an líon foirne atá fostaithe (coibhéis lánaimseartha).

Tá sé léirithe sa ghraf gurbh ionann an éifeachtúlacht fuinnimh in 2018 agus 35% (2017: 22%) níos fearr ná an bonnlíne, 4% níos fearr ná an sprioc don bhliain 2020 agus 12% níos fearr ná an sprioc de chuid 'glidepath'.

Go luath in 2018, chuireamar córas tomhais fuinnimh isteach a ligeann dúinn anailís níos mine a dhéanamh ar ár n-úsáid leictreachais agus réimsí a aithint le haghaidh tuilleadh deiseanna sábhála fuinnimh.

KWh Ídiú fuinnimh in aghaidh gach ball foirne



Nóta Taispeántar na figiúirí i KWh in aghaidh an choibhéis lánaimseartha. Glacann an Oifig páirt i gcóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun ár n-úsáid fuinnimh a thuairisciú. Cuireann SEAI fachtóirí tionaithe i bhfeidhm chun tionchar comhshaoil cineálacha éagsúla fuinnimh a chur san áireamh. Tá figiúirí fuinnimh le haghaidh 2018 bunaithe ar léamha fuinnimh a thuairiscigh an soláthraí fuinnimh don Oifig. Tá na figiúirí faoi réir fíoraithe mar chuid de phróiseas tuairiscithe an SEAI.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Éilítear, de réir scéim na hOifige faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ár bhfoilseacháin chorparáideacha, ár gcuntais iniúchta leithreasa agus ár Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, a bheith foilsithe i mBéarla agus i nGaeilge ag an am céanna.

In 2018, foilsíodh gach foilseachán corparáideach sa dá theanga ag an am céanna. Anuas air sin, tá sé níos éasca chun teacht ar leaganacha Gaeilge d'fhaisnéis fhoilsithe ar an suíomh gréasáin nua atá ag an Oifig. Foilsíodh na leaganacha Gaeilge de na cuntais leithreasa i gcásanna áirithe i ndiaidh an leagain Bhéarla agus foilsíodh an leagan Gaeilge den Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí roinnt seachtainí tar éis an leagan Béarla. Ní féidir críoch a chur le haistriúcháin na gcuntas leithghabhála agus na tuarascála ach amháin tar éis gach athrú déanach a bheith déanta ar na leaganacha Béarla. Táimid ag obair le comhlachtaí iniúchta chun aghaidh a thabhairt ar an gceist.

An Nochtadh

Tá nósanna imeachta glactha ag an Oifig maidir leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 inar féidir le fostaithe buarthaí a ardú maidir le éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann. In 2018, rinne iar-bhall de chuid fhoireann na hOifige sraith nochtuithe maidir le hoibríochtaí na hOifige. Scrúdaigh bainisteoirí sinsearacha na hOifige nó imscrúdaitheoir seachtrach a bhí cáilithe go cuí gach aon ceann de na hábhair a d'ardaigh an t-iarbhall foirne sin, nó cuireadh faoi bhráid an údaráis sheachtraigh ábhartha iad.

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta agus faoi aon ábhar a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí agus acmhainní poiblí nó maidir le luach ar airgead in aon eintiteas a thagann faoina shainchúram.

Bhí aon ábhar déag ann tuairiscithe a tháinig chun suntais do na tuairisceoirí le linn a bhfostaíochta agus a bhain le comhlachtaí laistigh dár sainchúram dúinn in 2018. Tuairiscíodh cúig cinn díobh seo gan ainm agus áiríodh leo go raibh na daoine a rinne an tuairisc tar éis an fhaisnéis a fháil le linn dóibh a bheith fostaithe linn. I ngach aon chás, cuireadh na hábhair a tuairiscíodh faoi bhráid na foirne iniúcháireachta ábhartha le bheith curtha san áireamh, mar is cuí, sa phleanáil le iniúchtaí a dhéanfar amach anseo.